Irish translation of
Breast screening can save lives

Is féidir le scagthástáil cíoch beatha a shábháil

Gach 3 bhliain, tugtar cuireadh do mhná idir aois 50 agus 70 i dTuaisceart Éireann scagthástáil cíoch a ghlacadh. Chun é seo a dhéanamh, bíonn x-gha áirithe ar a dtugtar mamagram i gceist. Ní thugtar cuireadh go huathrialaitheach do mhná os cionn aois 70 le haghaidh scagthástála ach spreagtar iad chun a gcoinne féin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh lena n-ionad scagthástála áitiúil.

Cén fáth a mbíonn scagthástála cíoch de dhíobháil orm?

Laghdaíonn scagthástáil cíoch baol báis ó ailse na gcíoch.

- Is í ailse na gcíoch an cineál ailse is coitianta i measc ban i dTuaisceart Éireann – léiríonn staidreamh ó Chlárlann Ailse Thuaisceart Éireann go mbainfidh sí do bhean amháin as gach 12 roimh aois 75 a bhaint amach dóibh.
- Éiríonn baol ailse na gcíoch níos airde de réir mar a théann mná in aois.
- Is féidir le scagthástáil cíoch chun ailse na gcíoch a aimsiú go luath sula dtagann aon chomharthaí nó airíonna eile.
- Más rud é go ndéantar ailse na gcíoch a aimsiú go luath, tá seans maith ann go n-athshlánaítear go hiomlán.

Cad a tharlaíonn nuair a thagaim i láthair?

D'fhéadfadh do chuairt scagthástála oiread agus leathuair an chloig a ghlacadh. Le haghaidh do mhamagraim, beidh ort cur díot ón gcoim aníos, mar sin is maith an smaoineamh éadach faoi leith a chaitheamh ar do cholainn uachtair seachas gúna. Cuirfidh an fhoireann scagthástála gach cíoch faoi seach idir dhá phláta x-gha speisialta. Ní ghlacann an mamagram ach cúpla soicind agus ní bhíonn ach dáileog bheag de radaíocht i gceist.

Cén áit a mbím ag dul?

Ag brath ar an áit ina bhfuil cónaí ort, tabharfar cuireadh duit a bheith i láthair ag d'ionad scagthástála áitiúil (féach sonraí teagmhála) nó ag aonad taistil. Feidhmíonn an dá cheann mórán an rud céanna ach tá rochtain shrianta ag na haonaid taistil, mar sin má bhíonn tú ar ghluaiseacht shrianta, d'fhéadfadh go

mbeadh sé níos fusa duit teacht i láthair ag an ionad scagthástála. Má bhíonn ionchlannáin cíoch agat, ba cheart duit freastal ar an ionad scagthástála amháin.

An rud pianmhar é scagthástáil cíoch?

D'fhéadfadh mná áirithe a bheith míchompordach léi agus d'fhéadhadh í a bheith pianmhar do roinnt ós rud é go gcaitear na cíocha a choinneáil i ngreim go docht agus brú áirithe a chur chun an pictiúr is fearr a fháil. I ndiaidh sin, áfach, ní ghlacann sé i bhfad agus tá go leor de mhná nach mbíonn chomh míchompordach léi an chéad bhabhta eile.

Cathain a gheobhaidh mé mo chuid torthaí?

De ghnáth, seoltar do chuid torthaí chugat féin agus chuig do dhochtúir ginearálta taobh istigh de 3 sheachtain.

Cad is brí leis más rud é go ndéantar mé a ghlaoch ar ais?

Déantar thart ar bhean amháin as gach fichead a ghlaoch ar ais chun cuairt eile a thabhairt. Tarlaíonn sé seo toisc go dtugann na torthaí i gcéill go bhfuil gá le breis scagthástála. Ní gá go gciallóidh sé seo go bhfuil rud éigin cearr – tugtar gnáth-thorthaí do cheathrar as gach cúigear ban tar éis na scagthála breise seo.

Cé chomh hiontaofa agus atá scagthástáil cíoch?

Is é an bealach is iontaofa chun ailse na gcíoch a bhrath go luath. Ní rud é foirfe é, áfach, ós rud é nach ndéantar an uile ailse a bhrath.

An gcuireann scagthástáil cíoch stad le hailse na gcíoch?

Ní chuireann. Cabhraíonn scagthástáil cíoch chun ailse na gcíoch a bhrath go luath nuair a d'fhéadfadh cóireáil a bheith níos fearr. I ndiaidh sin, áfach, ní féidir léi cabhrú chun ailse na gcíoch a aimsiú má tá sí ann cheana féin. Féadfaidh ailse na gcíoch nochtadh ag am ar bith agus d'fhéadfadh sí éirí do mhná áirithe idir cuairteanna scagthástála. Ba cheart duit do chíocha a sheiceáil go rialta le haghaidh athruithe ar bith (féach an bhileog *Feasacht faoi na cíocha: ag breathnú amach le haghaidh athruithe).* Má bhíonn aon rud ag goilliúint ort, déan teagmháil le do dhochtúir ginearálta, fiú má bhí mamagram agat le déanaí.

Cá bhfuair tú mo shonraí teagmhála?

Fuarthas do shonraí teagmhála ó liosta do dhochtúra ghinearálta, mar sin tá sé tábhachtach go mbíonn d'ainm agus do sheoladh ceart aige nó aici i gcónaí. Déantar teagmháil le dochtúirí ginearálta gach trí bhliain nó thart faoi, mar sin ní gá go bhfaighidh tú cuireadh sa bhliain ina mbaineann tú aois 50 amach. An fhad agus atá tú cláraithe le dochtúir ginearálta, tabharfar cuireadh duit le haghaidh scagthástála cíoch sula mbaineann tú aois 53 amach.

Comas a dhéantar mo chuid feisnéise scagthástála a úsáid?

Déantar athbhreithniú go rialta ar thaifid scagthástála chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an chláir agus í a fheabhsú agus chun cur le saineolas na foirne speisialtóireachta. Is cuid thábhachtach d'aon chlár scagthástála é seo. Is féidir le foireann ag obair do chlár scagthástála Thuaisceart Éireann do chuid

taifead féin a fheiceáil agus a athbhreithniú. Má bhíonn tuilleadh eolais uait faoi conas a dhéantar do chuid taifead a choinneáil agus a roinnt, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Tagartha um Dhearbhú Cáilíochta ar: 028 9055 3949.

Cad má tá mé faoi bhun aois 50?

Ní dhéantar scagthástáil cíoch a thairiscint do mhná faoi bhun aois 50 ós rud é faoi bhun na haoise seo:

- go mbíonn baol níos lú ann go nglactar ailse na gcíoch;
- go mbíonn fíocháin cíoch níos dlúithe ag mná de ghnáth, rud a fhágann gur deacra a gcuid mamagram a léamh.

Mar sin féin, má tá imní ort faoi fhadhb a bhaineann leis na cíocha nó má bhí ailse na gcíoch ag do mhuintir ag dul siar, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir ginearálta.

Cad má tá ailse na gcíoch orm cheana féin?

Más rud é go bhfuair tú cóireáil le haghaidh ailse na gcíoch roimhe agus go bhfuil tú réidh le cúram iarchóireála, tá sé tábhachtach duit teacht go scagthástáil trí bliana nuair a thugtar cuireadh duit. Má tá ceisteanna ar bith agat, déan teagmháil más é do thoil é le do dhochtúir ginearálta nó le d'ionad scagthástála áitiúil.

Ionaid scagthástála

Belfast Health and Social Care Trust (also covering South Eastern HSC Trust)
The Screening Centre
12-22 Linenhall Street
Belfast BT2 8BS
Tel: 028 9033 3700

Northern Health and Social Care Trust
Northern Area Breast Screening and Assessment Unit
Level A, Antrim Area Hospital
45 Bush Road
Antrim BT41 2RL
Tel: 028 9442 4425

Southern Health and Social Care Trust
The Breast Screening Unit
Lurgan Hospital
Sloan Street
Lurgan BT66 8NX
Tel: 028 3834 7083

Western Health and Social Care Trust
The Breast Screening Unit
Ground Floor, The Nurses' Home
Altnagelvin Area Hospital
Glenshane Road
Londonderry BT47 6SB
Tel: 028 7161 1443

Chun breis eolais a fháil faoi scagthástáil cíoch i dTuaisceart Éireann nó chun an bhileog seo a fháil i dteangacha eile nó i malairt formáidí, gabh go **www.cancerscreening.n-i.nhs.uk** nó déan teagmháil le d'ionad scagthástála áitiúil.

HSC Public Health Agency

DHSSPS
Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Arna dhearadh agus arna chur i dtoll a chéile ag an Áisínteacht um Shláinte Phoiblí thar ceann na Roinne Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí.